Cuntas Leithreasa 2016

# Vóta 23

# An tÚdarás Clárúcháin Maoine

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 23 ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2016 ar thuarastail agus chostais an tÚdarás Clárúcháin Maoine.

Cuirtear toradh an chaiteachais i gcomparáid leis na suimeanna a dheonaigh Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2016, lena n-áirítear an méid caiteachais don bhliain a bheadh inúsáidte mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachais don bhliain.

Dlitear barrachas €2.4 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid é den chuntas seo an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta chomh maith leis na nótaí 1 go 6.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú seachas i gcás an mhéid seo a leanas:

***Ráiteas faoi shócmhainní caipitil – dímheas***

Déantar sócmhainní caipitil a dhímheas ar bhonn líne dírí thar a dtréimhse mheasta úsáideachta ag tosú san chéad mhí a cuirtear i seirbhís iad.

## Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht don chóras rialaithe airgeadais inmheánach***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá agam as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú ag an Údarás.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgais féin mar Príomhfheidhmeannach an Údarás. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe airgeadais inmheánacha a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú a leanann ar aghaidh.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas

- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais
- bunaíodh gnáthaimh fhoirmiúil do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí
- tá Choiste Iniúchta ann le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh.

***Éilimh Chúitimh***

Agus é i mbun a ghnáthghnóthaí, faigheann ÚCM éilimh chúitimh faoi A.120 den Acht um Chlárú Teidil, 1964. Is féidir go n-eascródh éilimh mar gheall ar earráid, brionnú nó calaois maidir le clárú teidil.

I Mí Dheireadh Fómhair 2016, chuir banc an tÚdarás ar an eolas maidir le dhá éilimh ionchais le haghaidh cúitimh de bhun caingne cúirte a ndeachaigh an tÚdarás ina bhun le déanaí. I Mí Eanáir 2017 ina dhiaidh sin rinneadh na héilimh sin a lóisteáil. Idir an dá linn, chuir ÚCM i gcrích athbhreithniú ar an gceist a raibh na héilimh mar thoradh air, agus dá bharr sin nochtadh ocht gcás eile a raibh sé de chumas acu éilimh a ghiniúint sa todhchaí faoi Alt 120 d´Acht 1964. I gceithre cinn de na cásanna sin rinneadh bearta ceartaitheacha ó shin chun an clár a chur ina cheart arís, ag cur deireadh leis an bhféidearthacht go ndéanfaí aon éileamh sa todhchaí. Sna cásanna eile, tá ÚCM ag déanamh lánteagmhála le gach páirtí leasmhar chun an cheist seo a thabhairt chun críche de réir na comhairle cuí.

I 2017 cuireadh an tÚdarás agus Coiste Iniúchta an Údaráis ar an eolas faoin gceist. Chuir an tAonad Iniúchta Inmheánaigh athbhreithniú mionsonraithe aimsithe fíricí i gcrích ar na cásanna agus ar na bearta a rinne an tÚdarás mar fhreagra. Eisíodh an tuarascáil seo i Mí Iúil 2017 agus tá a cuid moltaí á gcur i bhfeidhm.

Tá mé ag déanamh maoirseachta ar fheabhsú rialaithe i bpróiseáil iarratas le haghaidh clárúcháin chun gach riosca gaolmhar a mhaolú. Ag eascairt as Straitéis leanúnach Frithchalaoise ÚCM, agus chun maolú a dhéanamh ar an riosca go ndéanfaí éilimh chúitimh, seo a leanas cuid de na bearta sonracha a cuireadh i bhfeidhm :

- I Mí Eanáir 2017, bunaíodh aonad tiomnaithe chun gach cás a phróiseáil ar den chineál céanna é leis na cinn sin a ghin na héilimh seo. Cinntíonn an t-athrú seo sa phróiseas comhsheasmhacht chleachtais i bpróiseáil na n-iarratas seo, tacaíocht oifigigh shinsearaigh dlí le haghaidh atreoraithe agus maoirseachta, agus go ndéantar fógra cuí a sheirbheáil i ngach cás dá leithéid;
- Sannadh Oifigeach Comhlíontachta chun bheith ag gníomhú go neamhspleách i bhfeidhmiú a cuid feidhmeanna agus cuireann sí tuairisc go díreach faoi bhráid an Oifigigh Cuntasaíochta maidir le treisiú agus le cur i bhfeidhm Straitéise feabhsaithe Frithchalaoise chomh maith le Plean feabhsaithe Freagra Calaoise.

***Rialaithe riaracháin agus tuairisciú bainistithe***

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- Córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach
- Athbhreithnithe rialta ag lucht bainistithe sinsearach a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha
- Córas bainistithe riosca ag feidhmiú laistigh den Údarás
- Córais atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TFC
- Treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní bainistithe tionscadail fhoirmeálta

- Cinntíonn an tÚdarás go ndírítear aird iomchuí ar an dea-chleachtas um cheannach agus go mbíonn nósanna imeachta ann chun comhlíonadh le gach treoirlíne ábhartha a chinntiú. Chloígh an tÚdarás leis na treoirlínte cé is moite de seacht chonradh de luach €3.5 milliún a liostaíodh i mo thuairisceán bliantúil i dtaca le Ciorclán 40/2002. Déantar miondealú mar seo a leanas:
    a) Baineann conradh amháin de luach €3 milliún le híocaíochtaí do Suirbhéireacht Ordanáis Éireann, an ghníomhaireacht léarscáilithe náisiúnta
    b) Baineann ceithre chonradh de luach €0.45 milliún le seirbhísí nach bhfuil ar fáil ach ó fhoinse amháin agus
    c) Baineann dhá chonradh de luach €0.09 milliún le síneadh na gconarthaí reatha.

***Seirbhísí comhroinnte***

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le riachtanais an chomhaontú leibhéal seirbhíse idir an Oifig seo agus an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais d'fhoráil seirbhísí roinnte airgeadais. Braithim ar litir urrúis ó Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais go gcleachtar na rialaithe cuí i bhforáil sheirbhísí roinnte don Oifig seo.

Braithim freisin ar litir urrúis ón Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta do Sheirbhísí Comhroinnte go gcleachtaítear na rialaithe cuí i soláthar sheirbhísí comhroinnte párolla agus acmhainní daonna don Roinn.

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánach ag an Údarás le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téann anailís de na rioscaí airgeadais sin atá os comhair an Údaráis i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialaithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déantar an fheidhm inmheánach iniúchta a athbhreithniú ó am go chéile agam féin agus ag an gCoiste Iniúchta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam le cinntiú go ndéantar tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh a athleanúint.

**Elizabeth Pope**
Oifigeach Cuntasaíochta
An tÚdarás Clárúcháin Maoine

15 Meán Fómhair 2017

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

## Vóta 23 An tÚdarás Clárúcháin Maoine

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 23 An tÚdarás Clárúcháin Maoine don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2016 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a fhorordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na polasaithe cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithreasa.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithreasa a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin san Údarás agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt san chuntas leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntas leithreasa gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithreasa, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa.

***Scóip an iniúchta***

Áirítear mar chuid d'iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus do rialtacht na n-idirbheart airgeadais atá san áireamh sa chuntas chomh maith le measúnú i dtaca leis an gceist ar cloíodh le forálacha cuntasaíochta *Ghnáthaimh Airgeadais Phoiblí* na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithreasa.

***Tuairim faoin gcuntas leithreasa***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithreasa go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 23 An tÚdarás Clárúcháin Maoine don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2016.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh leabhair chuí chuntais ag an tÚdarás Clárúcháin Maoine. Réitíonn an cuntas leithreasa leis na leabhair chuntais.

***Laigí maidir le rialaithe clárúcháin teidil***

Is córas teidil ráthaithe é an córas clárúcháin teidil a fheidhmítear ag an Údarás Clárúcháin Maoine, a bhfuil sé mar phríomhchuspóir aige dearfacht teidil a bhronnadh chun tacú le margadh éifeachtach réadmhaoine. Tá sláine agus dochloíteacht an chláir lárnach don chóras seo. Tá sé nochta ag an Oifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas faoi chliseadh maidir le rialaithe clárúcháin rialaithe inmheánaigh airgeadais i dtaca le líon beag cásanna, a raibh de thoradh air éilimh chúitimh. Déanann sí cur síos ar na bearta arbh fhéidir iad a dhéanamh chun na rialaithe a threisiú.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

26 Meán Fómhair 2017

# Vóta 23 An tÚdarás Clárúcháin Maoine
# Cuntas Leithreasa 2016

| | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Suim soláthraithe sa mheastachán** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas chláir** | | | | |
| A | Clárlann na Talún agus Clárlann na nGníomhas a bhainistiú | 31,044 | 28,799 | 29,924 |
| | **Olliomlán** | **31,044** | **28,799** | **29,924** |
| | *Lúide* | | | |
| B | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **610** | **750** | **1,125** |
| | **Glaniomlán** | **30,434** | **28,049** | **28,799** |

**Farasbarr le géilleadh**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime faoi dhliteanas le géilleadh don Státchiste.

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Farasbarr le géilleadh | 2,385,273 | 1,511,824 |

**Anailís chaiteachais riaracháin**

| | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Suim soláthraithe sa mheastachán** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 23,530 | 21,953 | 23,133 |
| ii | Taisteal agus cothú | 110 | 108 | 117 |
| iii | Costais oiliúna agus forbartha agus teagmhasacha | 4,300 | 4,116 | 3,956 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 800 | 681 | 668 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TE | 1,817 | 1,355 | 1,509 |
| vi | Costais áitreabh oifige | 462 | 571 | 531 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe luach ar airgead agus polasaithe | 25 | 15 | 10 |
| | | 31,044 | 28,799 | 29,924 |

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2016

| | | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Pá | | 21,953 | 23,133 |
| Neamhphá | | 6,846 | 6,791 |
| **Ollchaiteachas** | | **28,799** | **29,924** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **750** | **1,125** |
| **Glaniomlán** | | **28,049** | **28,799** |
| **Athraithe i sócmhainní caipitil** | | | |
| Airgead tirim um cheannacháin | (317) | | |
| Dímheas | 370 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | 1 | | |
| | | 54 | 51 |
| **Athraithe i nglansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhabhraithe deiridh | 98 | | |
| Laghdú ar stoc | 7 | | |
| | | 105 | 113 |
| **Caiteachas díreach** | | **28,208** | **28,963** |
| **Caiteachas a iompraíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 4,994 | 4,770 |
| Measchíosanna | | 2,861 | 2,732 |
| **Costas chláir ghlan** | | **36,063** | **36,465** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Déantar suas an t-ollchaiteachas do sheirbhísí gaolmhara ó na suimeanna measta seo a leanas maidir le Vóta 23 a iompraíodh in áit eile.

| | | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 12 Aoisliúntais agus Liúntais Scoir | m | 4,340 | 3,899 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | m | 488 | 713 |
| Vóta 18 Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | m | 54 | 35 |
| Vóta 24 Dlí agus Cirt agus Comhionannais - Ionad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais | m | 112 | 123 |
| | | 4,994 | 4,770 |

Tugann "m" le fios gur luach measta nó costas cionroinnte atá ann.

## 2 Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2016

| | Nóta | 2016 €000 | 2015 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | 1,141 | 1,195 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 2,315 | 1,770 |
| Stoic | 2.4 | 214 | 221 |
| Réamhíocaíochtaí | | 480 | 538 |
| Ioncam Fabhraithe | | 5 | 32 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.5 | 36 | 162 |
| Maoiniú dlite don Státchiste | 2.7 | 56 | — |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **3,106** | **2,723** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 142 | 129 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.6 | 2,407 | 1,841 |
| Maoiniú dlite don Státchiste | 2.7 | — | 91 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **2,549** | **2,061** |
| **Glansócmhainní reatha** | | 557 | 662 |
| **Glansócmhainní** | | **1,698** | **1,857** |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas Maoiniú Stáit** | 2.1 | **1,698** | **1,857** |

| **2.1 Cuntas Maoiniú Stáit** | **Nóta** | | **2016** | **2015** |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 1,857 | 2,021 |
| Eisíocaíochtaí as an Vóta | | | | |
| Soláthar mheastacháin | Cuntas | 30,434 | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (2,385) | | |
| Vóta glan | | | 28,049 | 28,799 |
| Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile | 1 | | 4,994 | 4,770 |
| Caiteachas neamh-airgid - measchíosanna | 1 | | 2,861 | 2,732 |
| Costas chláir ghlan | 1 | | (36,063) | (36,465) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **1,698** | **1,857** |

**2.2 Ráiteas faoi shócmhainní caipitil**

| | Trealamh oifige agus TF | Troscán agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Ollsócmhainní** | | | |
| Costas ag 1 Eanáir 2016 | 34,612 | 3,667 | 38,279 |
| Breiseanna | 290 | 27 | 317 |
| Diúscairtí | (225) | (9) | (234) |
| Athrangú | (6) | 6 | — |
| Costas ag 31 Nollaig 2016 | 34,671 | 3,691 | 38,362 |
| **Dímheas carnach** | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2016 | 33,617 | 3,467 | 37,084 |
| Dímheas don bhliain | 321 | 49 | 370 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (225) | (8) | (233) |
| Athrangú | (6) | 6 | — |
| Dímheas carnach ag 31 Nollaig 2016 | 33,707 | 3,514 | 37,221 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2016** | **964** | **177** | **1,141** |
| **Glansó cmhainní ag 31 Nollaig 2015** | **995** | **200** | **1,195** |

| **2.3 Banc agus airgead tirim** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Iarmhéideanna an Phámháistir Ghinearálta agus airgead tirim | 716 | 682 |
| Cuntais bhainc thráchtála | 1,599 | 1,088 |
| | 2,315 | 1,770 |

| **2.4 Stoic** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Stáiseanóireacht | 128 | 121 |
| Soláthairtí Ilghnéitheacha | 9 | 18 |
| Ábhar inchaite teicneolaíochta faisnéise | 77 | 82 |
| | 214 | 221 |

| **2.5 Iarmhéideanna Dochair Eile** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Cuntas fionraí párolla (Pá-chonair) | — | 96 |
| Táillí tógála athchúpála | 36 | 39 |
| Réamhíocaíochtaí don OPW | — | 27 |
| | 36 | 162 |

| **2.6 Iarmhéideanna Creidmheasa Eile** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Suim atá dlite don Stát | | |
| Cáin ioncaim | 409 | 414 |
| Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla | — | 2 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta | 206 | 177 |
| Cáin Bhreisluacha | — | 30 |
| Fáltais bhreise atá le híoc leis an Státchiste | 1,599 | 1,088 |
| | 2,214 | 1,711 |
| Déaduchuithe párolla ar fionraí | 168 | 130 |
| Dlite don OOP | 25 | — |
| | 2,407 | 1,841 |

| **2.7 Maoiniú dlite don Státchiste** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Farasbarr le géilleadh | 2,385 | 1,512 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (2,441) | (1,421) |
| Maoiniú dlite (ó) / don Státchiste | (56) | 91 |
| | | |
| **Arna léiriú le:** | | |
| | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 2,315 | 1,770 |
| Iarmhéideanna dochair: ar fionraí | 36 | 162 |
| | 2,351 | 1,932 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (2,214) | (1,711) |
| Iarmhéideanna creidmheasa ar fionraí | (193) | (130) |
| | (2,407) | (1,841) |
| | | |
| | (56) | 91 |

| **2.8 Ceangaltais** | **2016** | **2015** |
| --- | --- | --- |
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| **a) Ceangaltais Domhanda** | | |
| Soláthar earraí agus seirbhísí | 20 | 212 |

**2.9 Dliteanais Aibithe**

Bhí dliteanais aibithe de luach €8,400 gan ghlanadh ag deireadh 2016 (2015: €6,000).

## 3 Caiteachas Cláir de réir Fo-cheannteidil

| | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | | Suim soláthraithe sa mheastachán | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **A** | **Clárlann na Talún agus Clárlann na nGníomhas a bhainistiú** | | | |
| A.1 | Riarachán - pá | 23,530 | 21,953 | 23,133 |
| A.2 | Riarachán - neamhphá | 7,514 | 6,846 | 6,791 |
| | | 31,044 | 28,799 | 29,924 |

**Athraithe suntasacha**

San iomlán, bhí ollchaiteachas an chláir €2.25 milliún níos lú ná mar a sholáthraíodh. Tharla sin mar gheall ar na rudaí seo a leanas, go príomha:

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Riarachán - pá | 1,577 | Bhí an caiteachas ar thuarastail níos lú ná mar a bhí ceaptha dó sa bhuiséad toisc gur thit meánleibhéal na foirne a bhí ar fónamh i rith na bliana go dtí 474 (2015: 491). Bhí leibhéal na foirne faoi bhun leibhéal iomlán réamh-mheasta phlean an fhórsa oibre toisc moill le hearcú foirne. Chuir moill maidir le poist shinsearacha a líonadh leis an tearc-chaitheamh freisin. |
| Riarachán - neamhphá | 668 | Seo na príomhchúiseanna leis an gcoigilteas i gcoinne an mheastacháin:<br><br>1. Tharla coigilt de €120,000 sa bhuiséad poist mar thoradh ar thairiscintí iomaíocha do sheirbhísí seachadta doiciméad.<br><br>2. Cuireadh moill go dtí tús 2017 ar mhórthionscadal TFC a bhí le cur i gcrích i gceathrú 4 de 2016. Tabhófar caiteachas €350,000 I 2017 anois a raibh súil ann go dtabhófaí é i 2016. |

# 4 Fáltais

| **4.1 Leithreasaí-i-gcabhair** | | **2016** | | **2015** |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1. | Fáltais ó asbhaintí a bhaineann le pinsean ar luach saothair na seirbhíse phoiblí | 610 | 750 | 1,125 |
| | **Iomlán** | 610 | 750 | 1,125 |

**Athraithe suntasacha**

| **Fo-theideal** | **Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Fáltais ó asbhaintí a bhaineann le pinsean ar luach saothair na seirbhíse poiblí | (140) | Laghdaíodh na fáltais bhuiséadaithe d´asbhaintí a bhaineann le pinsean i 2016, ag eascairt as tairseacha díolúintí ardaithe i gcomhaontú Bhóthar Lansdún. Agus sin á dhéanamh, áfach, tharla rófhorchúiteamh toisc tearc-measadh maidir le h-iomlán na bhfáltas. |

**4.2 Fáltais bhreise le híoc leis an Státchiste**

| | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid oscailte ag 1 Eanair | 1,088 | 1,860 |
| Táillí Chlárlann na Talun | 56,782 | 55,761 |
| Taillí Chlárlann na nGníomhas | 1,575 | 1,520 |
| Taillí bhunchíosanna | 71 | 69 |
| Íoctha leis an Státchiste | (57,917) | (58,122) |
| Iarmhéid deiridh ag 31 Nollaig | 1,599 | 1,088 |

Bhí leibhéal foriomlán na dtáillí a bailíodh i 2016 an-chosúil leis an léibhéal a bailíodh i 2015, rud a léiríonn go raibh leibhéal comhleanúnach iarratais á ghlacadh thar 2015 agus 2016.

# 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| **Líon foirne ag deireadh na bliana** (comhionann le fostaithe lánaimsire) | 481 | 487 |

| | 2016 €000 | 2015 €000 |
|---|---|---|
| Pá | 20,415 | 21,527 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais breise | 5 | 23 |
| Liúntais eile | 59 | 78 |
| Ragobair | 209 | 247 |
| ÁSPC an Fhostóra | 1,265 | 1,258 |
| **Pá Iomlán** | **21,953** | **23,133** |

**5.1 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre**

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht aonair 2016 € | Uasíocaíocht aonair 2015 € |
|---|---|---|---|---|
| Liúntais le haghaidh ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais breise | 1 | — | 5,138 | 16,538 |
| Liúntais eile | 25 | — | 7,518 | 8,128 |
| Ragobair | 124 | — | 8,914 | 7,457 |
| Luach saothair bhreise i níos mó ná catagóir amháin | 12 | 2 | 12,364 | 12,150 |

**5.2 Ró-íocaíochtaí párolla**

Bhí ró-íocaíochtaí ag deireadh na bliana de €192,983 (89 cás) (2015: €235,000, 304 cás. Tá pleananna aisghabhála i bhfeidhm do €86,777 (22 cás) as sin.

# 6 Ilgnéitheacha

## 6.1 Cúiteamh Alt 120

Tá gach teideal atá cláraithe ar an gClár Talún ráthaithe ag an Stát. Foráiltear in Alt 120 den Acht um Chlárú Teidil 1964 go n-íocfar cúitimh (agus pé chostais cuí) i leith caillteanais a tharlaíonn d'aon duine trí bheith ag brath ar an gClár agus nach é nó a ghniomhaire is cúis leis an gcaillteanas, nó nár cuidigh go substaintiúil leis an gcaillteanas trí gníomh, faillí nó mainneachtain. Íocadh 22 íocaíocht cúitimh faoi Alt 120 i 2016 (2015: 27/ €3,500 ar an meán), agus leagtar amach na costais iomlána seo thíos.

Déantar na costais dlí a íocadh le linn na bliana a chatagóiriú mar seo a leanas -

| | | | | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|---|---|
| | **Líon na gcásanna** | **Costais dlí bronnta €000** | **Cúiteamh bronnta €000** | **Iomlán €000** | **Iomlán €000** |
| Éilimh faoi Alt 120 den Acht um Chlárú Teidil 1964 | 22 | 45 | 83 | 128 | 94 |

## 6.2 Dliteanas Teagmhasach

Tá an tÚdarás páirteach i roinnt imeachtaí dlí ar feitheamh a d'fhéadfadh dliteanais a chruthú, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Tá neamhchinnteacht ag baint le haon mhéid iarbhír nó faoi cé uair a tharlóidh na dliteanais ionchais. Tá cásanna Alt 120 a ndearnadh tagairt dóibh thuas agus na cásanna folaí a tugadh faoi deara sa Ráiteas Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais san áireamh anseo.

## 6.3 Cónascadh

Mar chuid de Chlár Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí, rinneadh an Rialtas cinneadh ar 31 Deireadh Fómhair 2012 chun an Oifig Luachála, Suirbhéireacht Ordanáis Éireann agus an tÚdarás Clárúcháin Maoine a chónascadh. Mar thoradh air sin, cruthófar eagraíocht nua, ar a dtabharfar Tailte Éireann. Beidh Tailte Éireann freagrach as roinnt feidhmeanna tábhachtacha, lena n-áirítear córas clárúcháin réadmhaoine an Stáit, bonneagar mapála agus suirbhéireachta an Stáit, seirbhís luachála réadmhaoine an Stáit agus forbairt agus cothabháil faisnéise geospásúil an Stáit.

Is gá le reachtaíocht phríomha chun an t-aonán nua a bhunú. Tá dréachtú an Bhille um Thailte Éireann chun soláthar a dhéanamh don chónascadh fós ag dul ar aghaidh.